# Aighneacht
ó
# **Chumann Forbartha Chois Fharraige**

maidir le

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028**

á chur os comhair

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Meán Fómhair

**Réamhrá:**

Tá an aighneacht seo ó Chumann Forbartha Chois Fharraige ag eascairt as cruinniú a thug Cumann Forbartha Chois Fharraige le chéile ar an 31 Lúnasa 2020 ag a pléadh an Plean Forbartha nua atá le réiteach do Chontae na Gaillimhe.

Ba mhaith leis an gCumann Forbartha go gcuirfí san áireamh na pointí seo a leanas agus an plean nua forbartha do Chontae na Gaillimhe á réiteach.

**Comhthéacs**

1. Tá 4,000 duine ina gcónaí sa cheantar cois chósta idir Abhann An Spidéil agus Abhann Casla. Ceantar feidhme an Chumann Forbartha is ea paróiste an Chnoic, a shíneann idir Abhainn an Spidéil agus Abhainn Cromghlinne. Tá cónaí ar 2,500 duine sa gceantar ina bhfuil dhá eastáit tionsclaíoch, scoil iar-bhunoideachais, bunscoil mór le 200 dalta, séipéal, marbhlann, ollmhargadh mór, seirbhís bainc ón gComhar Creidmheasa, comharchumann forbartha, amharclann, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, an coláiste Ghaeilge is mó sa tír, chomh maith le piniúr liathróid lámha agus páirc spóirt ina mbíonn cluichí móra ar bun. Ach mar sin féin déileáiltear leis an gceantar sa gcóras pleanála amhail is gur ceantar tuaithe amháin é, seachas ceantar faoin tuath a bhfuil gnéithe ag baint leis atá cosúil le ceantar uirbeach.

2. Tá dualgas reachtúil ar an gComhairle Chontae an Ghaeilge cosaint a thabhairt don Ghaeilge mar theanga pobail sa gcuid den Ghaeltacht ina bhfuil sí fós in úsáid, do réir Alt 10.2 (m) den Acht um Pleanáil agus Forbartha 2000. Tá an ceantar siar ón Spidéal ar cheann de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír, ó thaobh úsáid na Gaeilge ach tá sé faoi bhrú ón mBéarla de bharr an líon daoine gan Ghaeilge atá ag lonnú sa gceantar le blianta beaga anuas. Cé gur tháinig méadú beag i ndaonra an Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar a thugtar Cois Fharraige idir 2011 agus 2016, bhí laghdú 7% sa líon daoine a dúirt go n-úsáideann siad an Ghaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Le stop a chur leis an gcreimeadh teanga sa gceantar tá sé riachtanach go neartófar sa bplean forbartha nua, ar an gcosaint don Ghaeilge sa bpróiseas pleanála. Tá moladh ag dul do Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an

gcosaint a tugadh don Ghaeilge mar theanga pobail, i Plean Forbartha an Chontae.

3. Tá éiginnteacht mhór ann faoin bóthair nua idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl. Tá go leor leor tráchta ar an mbóthair mar atá sé agus níl sé sábháilte. Ní mhór don Chomhairle Chontae féachaint chuige go ndéanfar uasghrádú ar an R336 agus go leagfar amach plean leis an mbóthair a dhéanamh níos sábháilte.

4. Tá rialacha pleanála i bhfeidhm faoi láthair atá deacair a shásamh, nach bhfuil réasúnta agus atá mí-chothrom sa mbealach a chuirtear iad i bhfeidhm. Cruthaíonn siad constaicí móra do dhaoine ón gceantar atá ag iarraidh teach a thógáil sa bpobal as a fáisceadh iad. Tá sé riachtanach do inmharthanacht pobal Chois Fharraige go leagfar síos cuspóirí agus polasaithe sa Plean Forbartha a mbeidh sé mar aidhm acu, é a dhéanamh níos éasca do dhaoine teach a thógáil sa phobal inar tógadh iad, seachas a bheith ag cur bac rompu.

5. Agus an plean á chur le chéile don cheantar, ní mhór próiseas comhairliúcháin sásúil a chur ar bun, ina mbeidh deis ag daoine a gcuid tuairimí a chur i láthair. Ní mhór go mbeadh Gaeilge líofa ag na pleanálaithe a bheadh i mbun an chomhairliúcháin leis an bpobal.

6. Tá ganntanas tithíochta i Cois Fharraige agus go leor daoine ag maireachtáil le droch coinníollacha tithíochta nó á bhrú amach as an gceantar in aghaidh a dtola. Tá éileamh orgánach ann de bharr daoine ag pósadh agus ag iarraidh lonnú ina gceantar dúchais, daoine ag filleadh ar an gceantar le cónaí ann nó daoine le Gaeilge líofa atá ag iarraidh lonnú i gceantar ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid go forleathan, le clann a thógáil le Gaeilge.

**Cosaint Teanga**

1. I bhfianaise an creimeadh atá ag tarlú ar úsáid laethúil na Gaeilge sna ceantair is láidre Gaeltachta, tá sé rí thábhachtach go dtabharfar cosaint láidir don Ghaeilge sna ceantair Gaeltachta ina bhfuil an teanga, fós in úsáid mar theanga bheo i measc an phobail, cosúil le Cois Fharraige.

2. Moltar caibidil faoi leith a bheith sa Plean Forbartha nua ag déileáil le ceist na teanga sa Ghaeltacht. Moltar aird a thabhairt ar na moltaí atá i Plean Teanga Chois Fharraige agus sa caibidil faoin nGaeltacht agus aird faoi leith a thabhairt ar aon mholtaí a thiocfaidh ó Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, eagraíocht a bhfuil aitheantas reachtúil aige faoi forálacha Acht na Gaeltachta 2012.

3. Ní leor go mbeadh sé mar chuspóir ag an gComhairle Chontae ‘oidhreacht teangeolaíochta agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Gaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail’, gan polasaithe soiléire sa phlean leis an gcuspóir a bhaint amach. Chuige sin ba cheart an polasaí 'Neartú Gaeltachta' a bhí mar chuid de Phlean Áitiúil na Gaeltachta a bheith mar bhunús sa Phlean Forbartha 2022-2028.

4. Tá sé riachtanach go mbeadh oifigigh pleanála le Gaeilge ag déileáil le Conamara Theas agus le Oileáin Árann, le gur féidir leis an gcóras pleanála seirbhís iomlán a thabhairt don phobal roghnaíonn gnó a dhéanamh i nGaeilge.

5. Níor cheart go mbeadh cead ag dream ar bith comharthaí a chrochadh ar thaobh an bhóthair R336 i mBéarla amháin. Ní leor rialacha a leagan síos faoi gan iad a chur i bhfeidhm.

Cuspóir: An Ghaeilge a chosaint mar theanga phobail i Cois Fharraige.

Polasaithe Molta:
(i) An Clásal Feidhme Teanga, a bhí mar bhunchloch den chosaint a bhíodh á thabhairt don Ghaeilge faoin Plean Forbartha 2015-2021 a choinneáil, sa gcaoi is go mbeidh 80% de na tithe in aon fhorbairt faoi cheangal ag coinníoll teanga ar feadh 20 bliain.

(ii) An polasaí 'Neartú Gaeltachta' a bhí mar chuid de Phlean Áitiúil na Gaeltachta a bheith sa Phlean Forbartha 2022-2028.

(iii) Rialacha soiléire a leagan síos agus na rialacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh comharthaí i mBéarla á gcrochadh ar an R336.

(iv) Go mbeadh oifigeach pleanála le Gaeilge líofa ag feidhmiú i gCois Fharraige.

**Tithíocht:**

1. Le go mbeidh daoine óga ó cheantar Chois Fharraige in ann fanacht ina gceantar dúchais, tá sé riachtanach go mbeadh polasaí dearfach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i leith tithíocht sa gceantar, seachas an polasaí diúltach a chuireann bac agus constaicí sa mbealach ar dhaoine.

2. Faoi láthair bíonn costais mhóra ar dhaoine le iarratas pleanála a réiteach de bharr tuarascálacha mí-réasúnacha a bhíonn á lorg go minic agus ina dhiaidh sin féin d'fhéadfaí go ndiúltófaí iad. Níor cheart go mbeadh costais níos airde ar mhuintir Chonamara le iarratas pleanála a réiteach ná mar a bhíonn taobh thoir de Abhainn na Coiribe.

3. Bíonn deacrachtaí ag daoine teacht ar shuíomh feiliúnach i Cois Fharraige de bharr go mbíonn leath acra de dhíth le teach aonair a dhéanamh. Níl aon réasúnaíocht le seo, go speisialta nuair a ceadaítear sa gceantar céanna níos mó ná teach amháin ar shuíomh leath-acra do fhorbróirí. Tugtar faoi deara nach gcuirtear é seo i bhfeidhm ar Oileáin Árann. Ba chóir déileáil le Conamara Theas ar an gcaoi céanna le Oileáin Árann.

4. Ní mhór breathnú ar an riachtanas atá ann go mbeadh bóthair poiblí ag dul chomh fada leis an dteach. D'osclódh sé suas níos mó talaimh sa gceantar, ar a bhféadfaí tithe a thógáil, dá ligfí do dhaoine bóthair isteach de chaighdeán réasúnta a dhéanamh chuig suíomh nach mbeadh ar bhóthair poiblí.

5. Chuirfeadh sé le líon na suíomh chomh maith dá mbeadh cead ag tuismitheoir/deartháir cuid de shuíomh mór, ar a bhfuil teach faoi láthair, a chur ar fáil do dhuine eile den chlann le teach a dhéanamh.

6. Tá sé in am don Chomhairle Chontae a bheith fabhrach i dtaobh iarratais pleanála le roinnt bheag tithe (2 go 4) a dhéanamh ar shuíomh amháin, ach é a bheith feiliúnach le córas comónta séarachais acu. Is dea phleanáil a bheadh ann, ag cothú clacháin lonnaíochta nó *clusters* mar a bhíodh riamh i Cois Fharraige.

7. Ní mhór go mbeadh sé mar chuid den Phlean Forbartha go dtógfaí tithe sóisialta i gceantar Chois Fharraige le cur ar chíos nó ar díol ag praghas réasúnta, le daoine a bhfuil riachtanas tithíochta acu ach nach acmhainn dóibh teach a thógáil. Níor cheart go mbeadh ar dhaoine ó Chois

Fharraige, a bhfuil riachtanas tithíochta acu, bogadh amach as a gceantar dúchais, le teach ar chíos a fháil ón gComhairle Chontae, mar a tharlaíonn go minic.

8. Le cur leis an soláthar tithíochta sa gceantar, bheadh sé go maith dá mbeadh an Comhairle Chontae fabhrach do dhaoine teaichín/seallaí a dhéanamh ar a gcuid talaimh gar dá príomh theach cónaí agus ag roinnt córas séarachais agus córas uisce. D'fhéadfaí cead a thabhairt chomh maith garáistí a athchóiriú mar teaichín, ach a chinntiú go mbeadh na tithe feiliúnach le cónaí iontu ó thaobh sábháilteacht agus compord.

9. Mar go bhfuil Coláistí Gaeilge an tábhachtach i gceantar Chois Fharraige, ba cheart go mbeadh an Comhairle Chontae fabhrach do iarratais ar thithe níos mó ná an gnáth theach cónaí a cheadú.

10. Le eacnamaíocht an cheantair a chur chun cinn ba cheart go mbeadh sé inghlactha foirgnimh talmhaíochta a chur in oiriúint do thionscail bheaga.

Cuspóir:
(i) Go mbeadh sé níos éasca do dhaoine ó cheantar Chois Fharraige cead a fháil teach dóibh féin a thógáil, le nach mbeadh ar dhaoine an cheantar a fhágáil le áit cónaí a fháil.
(ii) Go méadófaí an méad talaimh i gCois Fharraige a bheadh feiliúnach le haghaidh tithíocht a thógáil.

Polasaithe Molta:
(i) Nach mbeadh gá le 0.5 acra le teach aonair a thógáil i gCois Fharraige ach an suíomh a bheith sách mór le córas séarachais a shocrú le nach mbeadh aon truailliú ag tarlú don timpeallacht.

(ii) Go mbeadh cead tithe a thógáil ar bhóthair nach bóthair poiblí é nó ar bhóthair de chaighdeán réasúnta a bheadh déanta isteach ag suíomh.

(iii) Le cur leis an soláthar tithíochta go bhféadfaí seallaí nó teach beag a dhéanamh taobh le teach, ach an suíomh a bheith sách mór agus an córas séarachais a bheith in ann an úsáid breise a thógáil.

(iv) Go bhféadfaí foirgnimh talmhaíochta a chur in oiriúint do thionscail beaga feiliúnacha.

(v) Go mbeifí fabhrach do thithe níos mó a cheadú i gcás teaghlaigh a choinníonn scoláirí Gaeilge.
(vi) Tithe sóisialta nó a bheadh ar díol ar phraghas réasúnach a chur ar fáil i gCois Fharraige do dhaoine as an gceantar ar an liosta tithíochta.

(vii) Go mbeadh an Comhairle Chontae fabhrach i dtaobh iarratais pleanála le roinnt bheag tithe (2 go 4) a dhéanamh ar shuíomh amháin i gceantar Chois Fharraige.

**Bóithre:**

1. Le níos mó daoine a mhealladh le úsáid a bhaint as busanna, ní mhór go gcuirfí scáthláin bus ar fáil ar an R336, go speisialta do na taistealaithe a mbíonn ag fanacht ar an mbus 424 aniar, ag dul i dtreo na Gaillimhe. Sa lá atá inniu ann is mór an náire do Chomhairle Chontae na Gaillimhe go mbíonn ar taistealaithe fanacht go minic sa bháisteach ar bhus.

2. Nuair nach bhfuil an cosúlacht ar an scéal go ndéanfar an bóthair nua idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl sa gcéad 10 mbliain eile ná 20 bliain ach an oiread, má dhéantar go deo é, moltar go ndéanfaí an R336 a fheabhsú ó thaobh sábháilteachta dhó agus ó thaobh an brú tráchta. Chuige sin theastódh bóthair timpeall ar shráidbhaile An Spidéil a bheith mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae.

3. Ní chuirtear a dhóthain airgid ar fáil don ghréasáin bóithre i gConamara Theas, mar go roinntear an t-airgead a chaitear do réir fhoirmle a fhágann bóithre Chonamara ar bheagán. Caithfear a aithint go dteastaíonn níos mó airgid a chaitheamh ar an R336 agus na boithre a cheanglaíonn leis, leis an gréasán bóithre a chothabháil agus a choinneáil ag caighdeán réasúnta.

4. Tá bóithre déanta le freastal ar na muilte gaoithe i gConamara, a fhéadfaí a chur in úsáid le brú tráchta ar an R336 a laghdú. D'fhéadfaí mar shampla na bóithre atá déanta i bPáirc Gaoithe na Gaillimhe a cheangail isteach leis an gréasán bóithre atá ann cheana.

5. Ba mhaith é go mbeadh tacaíocht sa Phlean Forbartha do Bhealach Glas a thabhairt amach ó Ghaillimh chomh fada le Ros a' Mhíl, a bheadh feiliúnach do rothaithe agus daoine ag siúl. In áit an bhéim ar bhóthair

nua as an bpíosa a dhéanamh ar an gcriathrach, mar a bhí go dtí seo, b'fhearr le linn tréimhse an phlean nua bealach sábháilte do rothaithe a fhorbairt idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl, a bhainfeadh cuid mhaith de na rothaithe ón R336.

6. Na bóithre go léir gur cuireadh feabhas orthu faoi Scéim na mBóithre Áise de chuid Roinn na Gaeltachta, ba cheart go mbeadh sé leagtha síos sa bPlean Forbartha go dtógfadh an Chomhairle Chontae na bóithre sin ar láimh, mar a bhí sna coinníollacha a bhain leis an scéim. Ba cheart chomh maith bóithre a thógáil ar láimh, ar déanadh uasghrádú orthu faoin Scéim Feabhsúchán Áitiúil.

7. Tá tuilte ag tarlú i gConamara níos mó anois ná mar a bhíodh, a fhágann bóithre faoi uisce agus contúirteach do thiománaithe. Ní hamháin sin ach mar a tharla sa Chlóchán le gairid, déanann na tuillte dochar an mhór do thithe agus siopaí, nuair a théann an t-uisce isteach i bhfoirgintí. Cúis mór leis seo ná nach bhfuil dóthain chothabhála á dhéanamh ar uiscebhealaí sa gceantar. Tá aibhneacha, srutháin agus draeinteacha dúnta isteach. Tá cuid de na sean tochair cloiche tite agus dúnta,fiú faoin R336. Níor tógadh don trácht trom atá anois ar an mbóthair. Ní bhfuair obair cothabhála a dhéanamh ar na uiscebhealaí go práinneach i gConamara le go mbeidh siad in ann déileáil le báisteach trom.

Cuspóir:
(i) An R336 a dhéanamh níos sábháilte agus an brú tráchta a bhaint dhó.
(ii) É a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine an bus poiblí a úsáid in áit a gcuid carranna.

Polasaithe:
(i) Scáthláin bus a chur ar fáil ar an R336 i gceantar Chois Fharraige.
(ii) Bealach sábháilte do rothaithe a fhorbairt idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl.
(iii) Bóithre na muilte gaoithe a úsáid le cuid den trácht aniar ar an R336 a chur i dtreo an N59.
(iv) An soláthar airgid do bhóithre Conamara a mhéadú, bunaithe ar daonra seachas mílte bóthair poiblí.
(v) Na bóithre áise a deisíodh le deontas ó Roinn na Gaeltachta a thógáil ar láimhe, mar a bhí i gceist faoin scéim deontais.

(vi) Go ndéanfar iniúchadh ar uiscebhealaí i gConamara agus go leagfar amach scéim don obair athchóirithe agus cothabhála a theastaíonn ar bhonn práinne.
(vii) Go ndéanfaí seachród (bypass) timpeall ar An Spidéal leis an mbrú tráchta a laghdú sa sráidbhaile.

**Forbairt Eacnamaíochta agus Sóisialta:**

1. Is ceantar é Cois Fharraige ina bhfuil gá le forbairtí eacnamaíochta le fostaíocht a chruthú. Bíonn moill an mhór go minic roimh iarratais pleanála le forbairtí tionsclaíochta a cheadú agus an baol ann an fhorbairt agus na postanna a chailliúint don cheantar. Moltar go gcuirfí aon iarratas ar fhorbairt mhór tionsclaíoch go díreach chuig an Bord Pleanála, mar is mó seans ná a mhalairt gur ann a chríochnódh sé sa deireadh.

2. Tá tábhacht eacnamaíochta agus cultúrtha le coláistí Gaeilge sa gceantar agus dá réir sin moltar a bheith fabhrach le iarratais le coláistí Gaeilge a fhorbairt nó a mhéadú.

3. Tá géarghá le forbairt a dhéanamh ar Reilig an Chnoic agus moltar go mbeadh sé luaite go sonrach sa bPlean Forbartha.

4. Tá go leor muilte gaoithe tógtha i gCois Fharraige le roinnt blianta anuas ach is beag tairbhe don cheantar iad. Ba mhaith don phobal go mbeadh sé dleacht á bhailiú ó na muilte gaoithe, bunaithe ar an méid leictreachais a ghintear.

Cuspóir:
(i) Reilig a bheith ar fáil le gur féidir daoine a chur ina gceantar féin nuair a fhaigheann siad bás.
(ii) Díbhinn a bheith ar fáil ó na muilte gaoithe le leas a dhéanamh don phobal.
(iii) Tacaíocht a thabhairt do na coláistí Gaeilge.

Polasaithe:
(i) An cheist a iniúchadh an bhféadfadh an Chomhairle Contae dleacht a bhailiú óna muilte gaoithe, mar a dhéantar i dtíortha eile, agus an t-airgead a úsáid le feabhas a chur ar an infreastruchtúr agus ar áiseanna pobail is sóisialta sa gceantar bardasach ina bhfuil na muilte gaoithe lonnaithe.

(ii) Reilig an Chnoic a mhéadú ar bhonn práinneach.
(iii) A bheith fabhrach do fhorbairt na gcoláistí Gaeilge i gceantar Chois Fharraige.

Críoch.